



An  
Bord  
Pleanála

# Tuairim a Thabhairt maidir le hAchomharc i leith Forbairt Chónaithe Mhórscála

Lúnasa 2022



## Maidir leis an treoir seo

Tá faisnéis sa treoir maidir le conas tuairim a thabhairt ar achomharc bailí i leith forbairt chónaithe mhórsála. Is féidir leat do thuairim a chur chugainn trí úsáid a bhaint as [an bhFoirm maidir le Tuairim faoi achomharc i leith forbairt chónaithe mhórsála](#). Tá an fhoirm sin ar an suíomh gréasáin [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie) nó is féidir leat í a iarraidh ónár n-oifig. Is féidir leat tuairim a thabhairt freisin trí scríobh chugainn.

Foilsíodh an treoir seo chun faisnéis ghinearálta, cúnamh agus treoir a sholáthar, agus chuige sin amháin. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht atá i gceist léi. Ní mór do léitheoirí an fhoráil reachtúil ábhartha a leanúint a bhaineann lena gcúinsí ar leith féin agus ba chóir dóibh a sainchomhairle féin a fháil ina leith sin más gá.

### **Cosaint Sonraí**

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach chun ár seirbhísí a sholáthar agus chun ár ndualgais dlí a chomhlíonadh. Na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú, scaipfear ar pháirtithe ábhartha eile iad agus cuirfear ar fáil san fhearann poiblí iad i dtaobh aon ábhar atá os comhair an Bhoird Pleanála.

Chun féachaint ar ár ráitis bheartais iomlána maidir le Cosaint Sonraí, téigh chuig <https://www.pleanala.ie/ga-ie/privacy>

## Clár na nÁbhar

<b>Maidir leis an treoir seo .....</b>	<b>2</b>
<b>Clár na nÁbhar .....</b>	<b>3</b>
<b>Téarmaí .....</b>	<b>5</b>
<b>Cad is tuairim ann? .....</b>	<b>9</b>
<b>Cé ar féidir leis nó léi tuairim a thabhairt? .....</b>	<b>9</b>
<b>Tuairim a thabhairt .....</b>	<b>10</b>
Conas a thabharfaidh mé tuairim? .....	10
Cé mhéad ama atá agam chun tuairim a thabhairt? .....	10
Cé mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt? .....	11
Conas is féidir liom íoc as mo thuairim a chur isteach? .....	12
Cad a chuirfidh mé san áireamh sa tuairim uaim? .....	13
<b>An tuairim a sheoladh chugainn ar líne .....</b>	<b>14</b>
Conas is féidir liom doiciméad na tuairime a ullmhú? .....	14
Cad a bheidh ag teastáil uaim chun an tuairim a uaslódáil ar líne? .....	15
Conas a úsáidfidh mé an t-uaslódálaí? .....	15
Cé mhéad ama atá agam chun an próiseas uaslódála a thabhairt chun críche? ..	18
An íocfaidh mé an táille agus an doiciméad á uaslódáil agam? .....	18
An féidir liom an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc ag amanna éagsúla? ..	19
An gcaithfidh mé an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a sheoladh isteach? ..	19
An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus ábhar tacaíochta a chur ar an bpost? .....	19
An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip pháipéir den tuairim chéanna a chur ar an bpost? .....	19
Tá fadhb agam agus an t-uaslódálaí á úsáid agam. Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil? .....	19
An mbeidh sibh i dteagmháil liom ar an ríomhphost le linn an phróisis iarratais? ..	19
<b>An tuairim a sheoladh chugainn ar an bpost nó í a shíneadh isteach chugainn .....</b>	<b>20</b>
Cá seolfaidh mé mo thuairim nó cá sínfidh mé isteach í? .....	20
An féidir liom admháil a fháil má shínim féin mo thuairim isteach chugaibh? .....	20
An bhfaighidh mé admháil má sheolaim mo thuairim ar an bpost? .....	21
An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh? .....	21
<b>Tar éis duit do thuairim a thabhairt .....</b>	<b>22</b>
Ar chuir mé isteach tuairim bhailí nó tuairim neamhbhailí? .....	22
Cad is gá dom a dhéanamh ina dhiaidh sin má tá mo thuairim bailí? .....	22
Cad a tharlaíonn má bhíonn mo thuairim neamhbhailí? .....	22

Cén fáth a bhfuil mo thuairim neamhbhailí? .....	22
Cad a dhéanfaidh an Bord Pleanála ina dhiaidh sin? .....	23
Cad é an teorainn ama chun achomhairc a chinneadh? .....	23
An féidir liom mo thuairim a tharraingt siar? .....	23
Tá an t-iarratas nó na hachomhairc tarraingthe siar sa chás. An ndéanfaidh an Bord mo thuairim a bhreithniú go fóill? .....	23
<b>Ceisteanna Coitianta.....</b>	<b>24</b>
<b>Reachtaíocht.....</b>	<b>27</b>
<b>Déan teagmháil linn .....</b>	<b>27</b>

## Téarmaí

Seo a leanas roinnt de na téarmaí a úsáidimid sa treoir seo:

<b>Admháil</b>	Doiciméad a eisíonn údarás pleanála lena léirítear go ndearna tú aighneacht chuig an údarás pleanála sin.
<b>Acht</b>	Dlí atá rite ag an Oireachtas agus atá formheasta ag an Uachtarán.
<b>Gníomhaire</b>	Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc nó maidir le hiarratas nó tarchur.
<b>Achomharc</b>	Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh ar iarratas pleanála a rinne údarás pleanála.
<b>Achomharcóir</b>	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc (féach freisin <b>Céad Pháirtí, Tríú Páirtí</b> ).
<b>Iarrthóir</b>	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann iarratas pleanála chuig údarás pleanála (Féach freisin <b>Céad Pháirtí</b> ).
<b>Bord</b>	Bord an Bhoird Pleanála.
<b>Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta</b>	Doiciméad a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnacht ar an mórthionchar is dócha a bheadh ag forbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.
<b>Céad pháirtí</b>	An duine a dhéanann iarratas ar chead pleanála i leith forbairt bheartaithe (Féach freisin <b>Iarratasóir</b> ).
<b>Cigire</b>	Ball teicniúil den fhoireann a dhéanann cigireachtaí ar láithreáin, a ullmhaíonn tuarascáil ar an gcás pleanála agus a mholann don Bhord cead a dheonú nó a dhiúltú.

<p><b>Neamhbhailí</b></p>	<p>Ní chomhlíontar na ceanglais reachtúla go léir atá ag teastáil de réir an dlí agus na rialachán ionas go measfar go bhfuil cás ann le héisteacht.</p>
<p><b>Cead chun achomharc a dhéanamh</b></p>	<p>Cead a iarraidh ar an mBord achomharc a dhéanamh i gcás ina bhfuil feidhm ag <b>gach ceann</b> de na ceithre chúis seo a leanas:</p> <p>Ní dhearna tú aighneacht chuig an údarás pleanála maidir le hiarratas pleanála.</p> <p>Tá cead deonaithe ag an údarás pleanála i leith an iarratais pleanála sin. Agus cead á dheonú, tá coinníoll nó coinníollacha curtha ag an údarás pleanála a athróidh cuid den fhorbairt bheartaithe ionas nach ionann í agus an fhorbairt a bhí i gceist ar dtús san iarratas pleanála.</p> <p>Mar gheall ar an gcoinníoll nó na coinníollacha a ghabhann leis an gceadú anois, beidh tionchar ag an bhforbairt bheartaithe ar thalamh:</p> <p>a bhfuil leas agat inti; <b>agus</b></p> <p>atá taobh leis (in aice leis nó buailte leis) an láithreán forbartha a bheartaítear</p> <p>Is é an tionchar atá aige ná go bhféadfadh sé:</p> <p>cur isteach ar an tairbhe a bhaineann tú as an talamh a bhfuil leas agat inti, <b>nó</b></p> <p>luach na talún a bhfuil leas agat inti a laghdú, <b>nó</b></p> <p>cur isteach ar an tairbhe a bhaineann tú as an talamh agus a luach a laghdú.</p>
<p><b>Forbairtí cónaithe mórscála</b></p>	<p>Forbairtí ina bhfuil 100 aonad tithíochta nó níos mó, nó cóiríocht do mhic léinn ina bhfuil 200 spás leapa nó níos mó, nó meascán díobh sin</p>

<b>Tuairim</b>	Doiciméad a chuireann <b>Tráchtair</b> isteach (féach freisin <b>Aighneacht</b> ).
<b>Tráchtair (Achomhairc)</b>	Aon duine, seachas an t-iarratasóir, an t-údarás pleanála nó achomharcóir, a thráchtann ar achomharc (féach freisin <b>Tuairim</b> ).
<b>Éisteacht ó bhéal</b>	Is éard is éisteacht ó bhéal ann cruinniú chun saincheisteanna ábhartha i gcás a phlé agus a scrúdú.
<b>Údarás pleanála</b>	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina limistéar.
<b>Rialacháin</b>	Dlí nó rialacha a dhéantar faoi <b>Acht</b> , nó a dhéanann aire rialtais uaireanta.
<b>Reachtúil</b>	Rud a chinntear, a bhunaítear nó a rialaítear faoin dlí reachtúil. Is dlí a ritheann an pharlaimint é an dlí reachtúil.
<b>Ceanglais reachtúla</b>	Ceanglais nach mór a chomhlíonadh faoin dlí ionas go mbeidh cás bailí.
<b>Aighneacht</b>	Doiciméad maidir le hachomhairc nó iarratais a bhféadfadh ábhar tacaíochta a bheith san áireamh iontu, amhail grianghraif, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil. (Féadfaidh an doiciméad a bheith clóscríofa nó lámhscríofa.)

<b>Tríú páirtí</b>	Duine a bhfuil achomharc á dhéanamh aige nó aici in aghaidh cinneadh údaráis pleanála faoi fhorbairt bheartaithe seachas an duine a rinne an t-iarratas pleanála bunaidh (Féach freisin <b>Achomharcóir</b> ).
<b>Bailí</b>	Comhlíontar na ceanglais reachtúla go léir atá ag teastáil de réir an dlí agus na rialacháin ionas go measfar go bhfuil cás ann le héisteacht.
<b>Muid, ár, etc.</b>	An Bord Pleanála.
<b>Tú, sibh, etc.</b>	Tú nó sibh féin mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.



## Cad is tuairim ann?

Is éard is tuairim a thabhairt ná do bharúil a chur in iúl don Bhord Pleanála faoi achomharc bailí.



### Cad is achomharc ann?

Go ginearálta, ní mór d'aon duine atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála chuig an gcomhairle contae, chuig an gcomhairle cathrach nó chuig an gcomhairle cathrach agus contae (an t-údarás pleanála). Déanfaidh **an t-údarás pleanála** cinneadh cead pleanála i leith an iarratais a dheonú nó a dhiúltú. Is féidir achomharc i leith an chinnidh sin a dhéanamh chuig an mBord Pleanála.

## Cé ar féidir leis nó léi tuairim a thabhairt?

Is féidir le duine ar bith tuairim a thabhairt **mura bhfuil** sé nó sí ina rannpháirtí san achomharc cheana féin. Ní féidir leat tuairim a thabhairt **ach amháin** má tá achomharc bailí déanta ag duine i leith cinneadh a rinne údarás pleanála maidir le hiarratas pleanála.

## Tuairim a thabhairt

### Conas a thabharfaidh mé tuairim?

Ní mór duit do thuairim a thabhairt i scríbhinn agus is féidir leat í a chur ar an bpost nó a shíneadh isteach chugainn. Rogha eile is ea do thuairim a sheoladh isteach leis an áis uaslódála ar líne atá againn. (Féach leathanach 14). Tá [Foirm i gcomhair Tuairimí maidir le hAchomharc i leith Forbairt Chónaithe Mhórsála](#) againn, ar féidir leat í a líonadh isteach. Féadfaidh an fhoirm a bheith clóscríofa nó lámhscríofa. Mar sin féin, **ní gá** duit an fhoirm sin a líonadh isteach chun tuairim a thabhairt agus is féidir leat leas a bhaint as an bhfoirm **nó** scríobh chugainn.

### Cé mhéad ama atá agam chun tuairim a thabhairt?


Tá **teorainneacha ama docta** ann maidir le tuairimí a chur isteach, ag brath ar an gcás.

#### 1. Is mian leat tuairim a thabhairt ar achomharc atá faighte ag an mBord Pleanála.

Is é an teorainn ama ná **ceithre seachtaine** ón dáta a dhéantar an t-achomharc nó an dáta a dhéantar an t-achomharc deiridh.

#### Sampla

Má fhaigheann an Bord Pleanála an t-achomharc deiridh **ar an Aoine an 5 Aibreán**, is an lá deiridh ar féidir linn do thuairim a fháil ná roimh 5.30pm **ar an Déardaoin an 2 Bealtaine**.



Today						
Sun	Mon	Tue	Wed	Thu	Fri	Sat
31	1	2	3	4	5	6
7	8	9	10	11	12	13
14	15	16	17	18	19	20
21	22	23	24	25	26	27
28	29	30	1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8

2. Is mian leat tuairim a thabhairt mar gheall ar fhógra poiblí foilsithe ina sonraítear gur iarr an Bord Pleanála tuarascáil maidir le measúnacht tionchair timpeallachta agus go bhfuair é an tuarascáil sin.

Is é an teorainn ama ná **cúig seachtaine** ó dháta foilsithe an fhógra poiblí.

### Sampla

Má fhoilsítear an fógra poiblí **ar an gCéadaoin an 2 Lúnasa**, is é an lá deiridh ar féidir linn glacadh le do thuairim ná roimh 5.30pm **ar an Máirt an 5 Meán**

**Fómhair.**

3. Is mian leat tuairim a thabhairt mar gur iarr an Bord Pleanála ar an iarratasóir fógra láithreáin nó fógra nuachtáin eile a fhoilsiú.

Is é an teorainn ama ná **ceithre seachtaine** ó dháta foilsithe an fhógra láithreáin nó an fhógra nuachtáin eile.

### Sampla

Má fhoilsítear an fógra poiblí **ar an Aoine an 4 Deireadh**

**Fómhair**, is é an lá deiridh ar féidir linn glacadh le do thuairim ná roimh 5.30pm **ar an Déardaoin an 31 Deireadh Fómhair.**

Today						
Sun	Mon	Tue	Wed	Thu	Fri	Sat
30	31	1	2	3	4	5
6	7	8	9	10	11	12
13	14	15	16	17	18	19
20	21	22	23	24	25	26
27	28	29	30	31	1	2
3	4	5	6	7	8	9
10	11	12	13	14	15	16
17	18	19	20	21	22	23
24	25	26	27	28	1	2
3	4	5	6	7	8	9

Tá áireamhán féilire ar an suíomh gréasáin chun cabhrú leat a dhéanamh amach céard é an lá deiridh ar féidir leat do thuairim a thabhairt. Tá rialacha éagsúla ann ó thaobh teorainneacha ama idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir (na dátaí sin san áireamh) a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an dáta deiridh.

### Cé mhéad a chosnaíonn sé tuairim a thabhairt?

Cosnaíonn sé €50 tuairim a thabhairt. **Ní mór duit** a chinntiú go bhfuil an táille cheart san áireamh leis an tuairim. Níl aon táille i gceist i gcás [eagraíochtaí áirithe](#) a leagtar amach sna Rialacháin. Is féidir leat teacht ar liosta na n-eagraíochtaí sin sa [Treoir faoi Tháillí agus Muirir](#).

## Conas is féidir liom íoc as mo thuairim a chur isteach?

Is iomaí bealach inar féidir leat táille a íoc leis an mBord Pleanála.

	An táille a íoc ag an deasc fáiltithe	Ar an bpost	Ar líne agus tú ag baint úsáid as uaslódálaí
Airgead tirim	✓ Glactar leis	Molaimid duit gan airgead tirim a chur ar an bpost.	✗ Ní ghactar leis
Cártaí Dochair agus Cártaí Creidmheasa*	✓ Glactar leo	✗ Ní ghactar leo	✓ Glactar leo
Seiceanna	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghactar leo
Dréachtaí Bainc	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghactar leo
Orduithe Poist	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo	✗ Ní ghactar leo

\*Tabhair faoi deara nach nglacaimid le híocaíochtaí le cárta dochair nó cártaí creidmheasa ar an teileafón.

Tá tuilleadh sonraí [faoi tháillí](#) agus [conas is féidir leat táillí a íoc](#) ar an suíomh gréasáin.

## Cad a chuirfidh mé san áireamh sa tuairim uaim?

Ba chóir duit forais na tuairime (cúiseanna agus argóintí) agus aon doiciméid is mian leat a chur san áireamh a ullmhú go cúramach. Nuair a bheidh do thuairim curtha isteach agat, **ní féidir** leat aon aighneachtaí breise a dhéanamh mura n-iarraimid go sonrach ort iad. Tabhair faoi deara **nach féidir** leis an mBord Pleanála ceisteanna nach mbaineann le pleanáil a bhreithniú.

Chun tuairim iomlán, bhailí a thabhairt:

✓	Ní mór duit do thuairim a chur i scríbhinn (clóscríofa nó lámhscríofa).
✓	Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh féin a lua go soiléir. Má tá gníomhaire pleanála ag gníomhú ar do shon, ní mór don ghníomhaire a ainm agus a sheoladh a lua go soiléir, chomh maith le d'ainm agus do sheoladh féin.
✓	Ní mór duit dóthain sonraí a thabhairt dúinn chun gur féidir linn an t-iarratas nó an t-achomharc a bhfuil tú ag tabhairt tuairim ina leith a aithint go héasca. Is iad seo a leanas samplaí de na sonraí a nglacaimid leo: <ul style="list-style-type: none"><li>• cóip den chinneadh ón údarás pleanála, <b>nó</b></li><li>• ainm an údaráis pleanála agus uimhir thagartha an chláir pleanála (mar shampla: Comhairle Cathrach an Bhaile Mhóir, 23719/18), <b>nó</b></li><li>• uimhir thagartha cháis an Bhoird Pleanála (mar shampla: ABP-300000-19).</li></ul>
✓	Ní mór duit na nithe seo a leanas a sholáthar dúinn: <ul style="list-style-type: none"><li>• na forais phleanála is bonn leis an tuairim uait (cúiseanna agus argóintí), <b>agus</b></li><li>• aon nithe is mian leat a chur ar fáil chun tacú le forais na tuairime uait.</li></ul>
✓	Ní mór duit an táille cheart €50 a íoc.
✓	Ní mór duit do thuairim a thabhairt in am.

## An tuairim a sheoladh chugainn ar líne

Is é an bealach is tapa agus is éasca chun do thuairim a chur chugainn ná í a chur isteach ar líne. Bain úsáid as ár n-áis uaslódála ar líne ag:

<https://online.pleanala.ie/ga-ie/lrd/observation>

Beidh an deis agat íocaíocht a dhéanamh ar líne freisin agus an áis uaslódála ar líne á húsáid agat. Nuair a bheidh do thuairim seolta chugainn agat, gheobhaidh tú ríomhphost lena dhearbú go bhfuil sí faighte againn.



Chun an áis uaslódála ar líne a úsáid, ní mór duit do thuairim a bheith ullmhaithe agat agus í a bheith sábháilte agat i ndoiciméad Microsoft Word nó i gcomhad PDF. Ní ullmhóidh an áis uaslódála ar líne an tuairim duit.

### Conas is féidir liom doiciméad na tuairime a ullmhú?

Is féidir leat an tuairim a ullmhú trí do dhoiciméad a scríobh agus ansin é a shábháil i bhformáid Microsoft Word nó mar chomhad PDF. Má tá do dhoiciméad lámhscríofa agat, beidh ort é a scanadh agus é a shábháil mar chomhad PDF. Ní féidir leat ach doiciméad **amháin** a uaslódáil ar líne agus níor cheart méid an chomhaid sin a bheith níos mó ná 30MB. Ainmnigh do dhoiciméad ar cheachtar de dhá bhealach:

Bealaí chun doiciméad a ainmniú	Sampla
Uimhir an cháis agus d'ainm féin	300000 – Áine Ní Mhaonlaí
Ainm agus láthair na forbartha agus d'ainm féin	Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Baile Mór – Seán Ó Murchú

**Leid:** Cinntigh **nach** gcríochnaíonn ainm do dhoiciméid le lánstad (.).

## Cad a bheidh ag teastáil uaim chun an tuairim a uaslódáil ar líne?

Sula n-úsáidfidh tú an áis uaslódála ar líne, beidh na rudaí seo a leanas ag teastáil uait:

✓	leagan cothrom le dáta de bhrabhsálaí idirlín ar nós: Microsoft Edge, Chrome, Firefox agus Safari.
✓	seoladh ríomhphoist chun ríomhphost a fháil ina ndearbhófar go bhfuil do thuairim faighte againn.
✓	do thuairim agus í sábháilte i ndoiciméad Microsoft Word nó comhad PDF, a bheidh níos lú ná 30MB.
✓	sonraí an iarratais ar mian leat tuairim a thabhairt ina leith. Is iad seo a leanas na sonraí a nglacann an t-uaslódálaí leo: <ul style="list-style-type: none"><li>• An uimhir thagartha ar chlár an údaráis pleanála, <b>nó</b></li><li>• uimhir thagartha cháis an Bhoird Pleanála i leith an iarratais (mar shampla: 300000), <b>nó</b></li><li>• ainm agus láthair na forbartha a bheartaítear san iarratas (mar shampla: Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Phríomhshráid, An Baile Mór, Co. an Bhaile Mhóir).</li></ul>
✓	cárta dochair nó cárta creidmheasa chun an táille cheart a íoc.

## Conas a úsáidfidh mé an t-uaslódálaí?


Chun an t-uaslódálaí a úsáid, téigh chuig an [áis uaslódála ar líne](#).

Tabharfar thú ansin trí na ceithre leathanach/na ceithre chéim chun do dhoiciméad a uaslódáil. Seo é an chéad leathanach den uaslódálaí:



An  
Bord  
Pleanála

## Tuairim ar Achomharc Forbairt Cónaithe ar Scála Mór (FCSM): Áis Uaslódála ar Líne



### Sula dTosaíonn Tú

Ba chóir duit ár dtreoir "[Tuairim a thabhairt ar Achomharc FCSM](#)" a léamh. Cabhróidh sé leat do thuairim a chur i bhfocail agus a bheith cinnte go bhfuil gach eolas is gá chun tuairim bhaíl a chur isteach tugtha agat.

Cinntigh go bhfuil do dhoiciméad tuairime ullamh agat le huaslódáil mar aon le sonraí do chárta íocaíochta.

[AR AGHAIDH →](#)



Leathanach 1	Buneolas
Leathanach 2	<p>Sa leath uachtair den leathanach seo, ní mór duit na sonraí seo a leanas a thabhairt:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• uimhir thagartha cháis an Bhoird Pleanála i leith an iarratais, nó</li> <li>• ainm agus láthair na forbartha a bheartaítear san iarratas.</li> </ul> <p>Is féidir leat do thuairim a chur i gceangal sa leath íochtair den leathanach seo. Is féidir leat do thuairim a uaslódáil agus a cheangal sa bhosca liath ach cliceáil ar an gcnaipe:</p> <p>Nuair a bheidh an tuairim uaslódáilte, beidh sí le feiceáil sa bhosca liath.</p> <div data-bbox="646 779 983 862" style="border: 1px solid red; padding: 5px; text-align: center;"> <p>Select your document</p> </div> <div data-bbox="596 882 1061 936" style="border: 1px solid gray; border-radius: 10px; padding: 5px; text-align: center;"> <p>300000 Ann Duine.pdf — 6.5 KB <span style="float: right;">✕</span></p> </div>
Leathanach 3	<p>Ní mór duit na sonraí seo a leanas a sholáthar ar an leathanach seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• d'ainm, agus</li> <li>• do sheoladh ríomhphoist sa dá bhosca ar leithligh lena chinntiú go mbeidh do sheoladh ríomhphoist ceart againn.</li> </ul> <p>Más gníomhaire thú a bhfuil tuairim á huaslódáil agat thar ceann cliaint, ní mór duit d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist a thabhairt.</p>

<p>Leathanach 4</p>	<p>Ar an leathanach seo, fiafrófar díot an bhfuil tú réidh chun an tuairim a thabhairt:</p> <p>Má tá, rachaidh tú ar aghaidh chuig an rannán íocaíochta chun an táille a íoc.</p> <p>Mura bhfuil tú réidh, is féidir leat dul ar ais chun athruithe a dhéanamh.</p> <p>Iarrfar ort sa rannán íocaíochtaí a roghnú cén táille a theastaíonn uait a íoc:</p> <p>Tuairim – €50</p> <p>Iarrfar ort ansin sonraí do chárta dochair nó do chárta creidmheasa a thabhairt. Seiceáil na sonraí go cúramach agus tú á gcur isteach.</p> <p>Nuair a bheidh tú réidh cliceáil ar ‘Íoc agus críochnaigh’ agus cuirfear do thuairim isteach.</p>
<p>Leathanach 5</p>	<p>Nuair a bheidh sé sin déanta, feicfidh tú an scáileán dearbhaithe.</p> <p>Seolfar admháil chugat freisin ar an ríomhphost, á dhearbhú go bhfuil do thuairim faighte againn. Má bhíonn fadhbanna agat, lean na treoracha ar an scáileán.</p>

### **Cé mhéad ama atá agam chun an próiseas uaslódála a thabhairt chun críche?**

**Níl aon teorainn ama i gceist** leis an bpróiseas uaslódála a thabhairt chun críche.

Mar sin féin, má dhúnann tú an leathanach agus má fhágann tú an próiseas, beidh ort tosú air arís ón tús.

### **An íocfaidh mé an táille agus an doiciméad á uaslódáil agam?**

Íocfaidh tú. Beidh cárta dochair nó cárta creidmheasa ag teastáil uait chun an táille a íoc. Cinntigh go bhfuil do dhóthain airgid agat i do chuntas mar go dtógfar an íocaíocht as agus an doiciméad á uaslódáil agat.

### **An féidir liom an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc ag amanna éagsúla?**

Ní féidir. Má tá an t-uaslódálaí á úsáid agat, ní féidir leat íoc ach le cárta dochair nó cárta creidmheasa. Más mian leat an táille a íoc ar bhealach ar bith eile, beidh ort:

- do thuairim a chur chugainn ar an bpost, nó
- í a shíneadh isteach chuig ball foirne inár n-oifig.

### **An gcaithfidh mé an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a sheoladh isteach?**

Ní chaithfidh. Is féidir leat fós do thuairim a chur chugainn ar an bpost nó í a shíneadh isteach chugainn ag an oifig. Tá tuilleadh sonraí ar leathanach 19.

### **An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus ábhar tacaíochta a chur ar an bpost?**

Ní féidir. Más mian leat ábhar tacaíochta cosúil le grianghraif chlóite, líníochtaí ar pháipéar, nó DVDanna a chur san áireamh le do thuairim, beidh ort an tuairim a sheoladh ar an bpost nó í a shíneadh isteach chugainn ag an oifig.

### **An féidir liom an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip pháipéir den tuairim chéanna a chur ar an bpost?**

Ní féidir. Ná húsáid ach modh **amháin** chun do thuairim a sheoladh, ar líne tríd an uaslódálaí **nó** ar pháipéar (ar an bpost nó í a shíneadh isteach chugainn ag an oifig).

### **Tá fadhb agam agus an t-uaslódálaí á úsáid agam. Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil?**

Má tá fadhbanna agat maidir leis an uaslódálaí a úsáid, déan teagmháil lenár ndeasc chabhrach trí ríomhphost a sheoladh chuig [onlinesupport@pleanala.ie](mailto:onlinesupport@pleanala.ie)

### **An mbeidh sibh i dteagmháil liom ar an ríomhphost le linn an phróisis iarratais?**

Ní bheidh. Le linn an phróisis iarratais, scríobhfaimid chugat i litir a sheolfar ar an bpost. Ní bhfaighidh tú uainn ach ríomhphost lena dhearbú go bhfuarthas an doiciméad ina bhfuil do thuairim.

## An tuairim a sheoladh chugainn ar an bpost nó í a shíneadh isteach chugainn

Cá seolfaidh mé mo thuairim nó cá sínfidh mé isteach í?

Caithfidh tú:

- í a chur ar an bpost chuig: An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902,



nó

- í a shíneadh isteach chuig duine d'fhoireann an Bhoird Pleanála ag an oifig i Sráid Mhaoilbhríde (seoladh thuas) le linn na n-uaireanta oifige – Luan go hAoine ó 9.15am go 5.30pm. Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir leis na baill foirne slándála inár n-oifig glacadh le tuairimí.



Ná déan dearmad **gan** do thuairim a chur i mbosca litreach ár n-oifige agus **gan** í a chur chugainn ar an ríomhphost mar go mbeidh do thuairim neamhbhailí má dhéantar amhlaidh. Más mian leat í a chur isteach ar líne, ní mór duit an áis uaslódála ar líne a úsáid. Féach leathanach 14 le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Bíonn an oifig dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire poiblí agus ar laethanta eile a fhógraítear, ar nós Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

**An féidir liom admháil a fháil má shínim féin mo thuairim isteach chugaibh?**

Is féidir. Más rud é go dtabharfaidh tú féin an tuairim isteach chuig an oifig is féidir leat **admháil** a iarraidh ina sonrúfar go bhfuil do thuairim faighte againn. Nuair a bheidh do thuairim tugtha do bhall foirne de chuid an Bhoird Pleanála, ní féidir linn í

a chur ar ais chugat, ná ní féidir linn fótachóip de do dhoiciméid, agus dátstampa curtha againn orthu, a dhéanamh.

**An bhfaighidh mé admháil má sheolaim mo thuairim ar an bpost?**

Gheobhaidh tú. Cuirfimid admháil chugat ar an bpost.

**An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh?**

Ní féidir. Má tá tuairim á tabhairt agat, ní féidir leat éisteacht ó bhéal a iarraidh.

## Tar éis duit do thuairim a thabhairt

### Ar chuir mé isteach tuairim bhailí nó tuairim neamhbhailí?

Tar éis dúinn do thuairim a fháil, seiceálfaimid go gcomhlíonann sí na ceanglais reachtúla le bheith ina tuairim bhailí. Mura gcomhlíonann do thuairim na ceanglais sin, is ceann neamhbhailí í. Ansin seolfaimid litir chugat ag insint duit:

- go bhfuairamar an tuairim uait, agus
- cé acu ar chinneamar go bhfuil do thuairim bailí **nó** neamhbhailí.

### Cad is gá dom a dhéanamh ina dhiaidh sin má tá mo thuairim bailí?

Má tá do thuairim bailí, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh ag an bpointe seo. Le linn an phróisis achomhairc, seans go gcuirfimid litir chugat maidir le:

- cinneadh an Bhoird éisteacht ó bhéal a chur ar bun,
- sonraí faoi éisteacht ó bhéal,
- cén uair atá súil ag an mBord cinneadh a dhéanamh murar féidir é a dhéanamh laistigh den tréimhse ama 18 seachtaine.

Má scríobhaimid chugat, iarraimid ort na treoracha nó an chomhairle atá sa litir a leanúint. Má tá cabhair uait ag leanúint na dtreoracha nó na comhairle, is féidir leat [teagmháil a dhéanamh linn](#). Luaigh uimhir thagartha an cháis achomhairc sa litir le do thoil, ionas gur féidir linn do chás a aithint.

### Cad a tharlaíonn má bhíonn mo thuairim neamhbhailí?

Má bhíonn do thuairim neamhbhailí, cuirfimid do dhoiciméid ar fad ar ais chugat. Déanfaimid do tháille a aisíoc le seic. Ní féidir leat an tuairim a chur isteach arís ach amháin más féidir leat na ceanglais go léir a chomhlíonadh go hiomlán.

### Cén fáth a bhfuil mo thuairim neamhbhailí?

Seo a leanas roinnt cúiseanna a mbíonn tuairimí neamhbhailí:

- ní chomhlíonann an tuairim go hiomlán na ceanglais reachtúla go léir mar a thuairiscítear iad sa treoir seo.
- níl aon achomharc bailí ann chun tuairim a thabhairt ina leith.

### **Cad a dhéanfaidh an Bord Pleanála ina dhiaidh sin?**

Is cuid den chás í an tuairim uait. Déanfaidh an Bord cinneadh bunaithe ar dhoiciméid uile an cháis.

### **Cad é an teorainn ama chun achomhairc a chinneadh?**

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord iarracht a dhéanamh cásanna a chinneadh laistigh de 16 seachtaine. Murar féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh de 16 seachtaine, scríobhfaimid chuig rannpháirtithe san achomharc chun é sin a chur in iúl dóibh.

Nuair a dhéanfaidh an Bord cinneadh, seolfaimid chugat litir agus cóip den Ordú ón mBord chun an cinneadh a chur in iúl duit. Tá tuilleadh faisnéise faoi chinneadh an Bhoird ar fáil ar [an suíomh gréasáin](#).

### **An féidir liom mo thuairim a tharraingt siar?**

Is féidir leat do thuairim a tharraingt siar am ar bith sula ndéanfar cinneadh. **Ní mór duit** scríobh chugainn agus a rá gur mian leat do thuairim a tharraingt siar. Ní íocfaimid do tháille ar ais leat.

### **Tá an t-iarratas nó na hachomhairc tarraingthe siar sa chás. An ndéanfaidh an Bord mo thuairim a bhreithniú go fóill?**

Ní dhéanfaidh. Má tharraingíonn an t-iarratasóir siar an t-iarratas nó má tharraingítear siar gach achomharc faoin gcás, ní bheidh achomharc bailí ann a thuilleadh. Beidh feidhm ag cinneadh bunaidh an údaráis pleanála.

## Ceisteanna Coitianta

**An féidir liom an táille a íoc ar an teileafón le cárta dochair nó cárta creidmheasa?**

Ní féidir. Ní féidir linn glacadh le híocaíochtaí ar an teileafón.

**An féidir liom tuairim a chur ar an ríomhphost nó ar fhacs agus an táille a sheoladh ar an bpost?**

Ní féidir. Chun tuairim bhailí a thabhairt, ní mór duit na doiciméid go léir atá de dhíth a sheoladh, mar aon leis an táille chuí. **Ní mór dóibh** teacht ag an am céanna roimh dheireadh na tréimhse 4 seachtaine. Más mian leat í a chur isteach ar líne, ní mór duit an áis uaslódála ar líne a úsáid. Féach leathanach 14 le haghaidh tuilleadh faisnéise.

**An féidir liom tuairim gan ainm a thabhairt?**

Ní féidir. Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh iomlán a thabhairt agus do thuairim á cur isteach agat.

**An féidir libh glacadh le tuairim dhéanach?**

Ní féidir. De réir an dlí, ní féidir leis an mBord Pleanála glacadh le tuairim dhéanach ar chúis ar bith.

**Cad a tharlaíonn má bhíonn oifig an Bhoird Pleanála dúnta ar an lá deiridh a cheadaítear chun tuairim a bheith istigh?**

Má thiteann an lá deiridh ar féidir glacadh le tuairim ag an deireadh seachtaine, ar lá saoire poiblí nó ar lá eile ar a mbíonn ár n-oifig dúnta, is féidir linn glacadh leis an tuairim uait le linn uaireanta oifige an chéad lá oibre eile a mbeidh ár n-oifig oscailte.

Tá tuilleadh sonraí ar [an suíomh gréasáin](#).



### **An féidir liom cruthúnas a fháil gur chuir mé isteach tuairim?**

Is féidir. Má úsáideann tú an áis uaslódála ar líne, gheobhaidh tú admháil ar an ríomhphost. Má thagann tú féin chuig ár n-oifig chun do thuairim a shíneadh isteach chugainn, is féidir linn admháil a thabhairt duit lena dhearbhú go bhfuil sí faighte againn. **Ní dhearbhaítear** leis an admháil sin go bhfuil do thuairim bailí. Ní sholáthraímid fótachóip de na doiciméid ina bhfuil do thuairim agus ár dátstampa orthu.

### **Cén fáth a bhfuil an tuairim neamhbhailí cé gur chuir mé ar an bpost in am í?**

Cé go mb'fhéidir gur chuir tú do thuairim ar an bpost in am, tá do thuairim neamhbhailí toisc nach bhfuaireamar í laistigh den tréimhse 4 seachtaine atá leagtha amach.

### **Cad a tharlaíonn má bhíonn mo thuairim neamhbhailí?**

Má bhíonn do thuairim neamhbhailí, cuirfimid ar ais chugat do dhoiciméid agus an táille.

### **Tá mo thuairim neamhbhailí curtha ar ais chugam ag an mBord Pleanála. An féidir liom an tuairim a chur isteach arís?**

Is féidir, ach ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin más féidir leat na ceanglais **go léir** a thuairiscítear sa treoir seo a chomhlíonadh go hiomlán. Sa chás sin, is féidir leat do thuairim a thabhairt arís.

### **An féidir an dlí a chur orm as an méid a scríobhfaidh mé sa tuairim?**

D'fhéadfadh sé go gcuirfí an dlí ort. Níor cheart duit tagairt a dhéanamh ach do cheisteanna pleanála ábhartha. Tá tuilleadh faisnéise san fhógra uainn faoi [chlúmhillleadh](#). Déantar clúmhillleadh nuair a dhéanann duine ráitis bhréagacha faoi dhuine eile a dhéanann dochar don chlu atá ar an duine sin.

## **An féidir liom faisnéis bhreise a chur isteach tar éis dom mo thuairim a thabhairt?**

Ní féidir leat faisnéis bhreise a thabhairt dúinn tar éis duit do thuairim a chur isteach. Ó am go chéile, d'fhéadfaimis iarraidh ort tuilleadh faisnéise a thabhairt dúinn nó freagra a thabhairt ar na haighneachtaí a rinneadh. Má dhéanaimid é sin, ba cheart duit freagra a thabhairt laistigh den am a shonróimid.

## **An féidir liom níos mó ná doiciméad amháin a uaslódáil agus tuairim ar líne á cur isteach agam?**

Ní féidir. Má tá ábhar tacaíochta agat, ba cheart é a bheith ina chuid den doiciméad Microsoft Word nó den chomhad PDF aonair atá le huaslódáil. Má tá ábhar tacaíochta fisiciúil agat – DVDanna, CDanna, nó tiomántáin USB, mar shampla – nó más mian leat gearrthóga físe nó gearrthóga fuaime a chur isteach, ní féidir leat an áis ar líne a úsáid. Beidh ort do thuairim a chur isteach ar an bpost nó í a shíneadh isteach chuig duine d'fhoireann an Bhoird Pleanála ag an oifig le linn na n-uaireanta oifige.

## **Conas is féidir liom a fháil amach an ndearna duine éigin achomharc i gcoinne cinneadh pleanála?**

Is féidir leat an [áis chuardaigh](#) ar an suíomh gréasáin a úsáid chun seiceáil an bhfuil achomharc faighte againn i gcoinne an chinnidh pleanála a bhfuil suim agat ann. Cuirimid achomhairc nua leis an suíomh gréasáin gach Céadaoin. Is féidir leis sin a bheith lá nó dhó níos déanaí thart ar laethanta saoire poiblí agus aimsir na Nollag.

## **An féidir liom féachaint ar an achomharc?**

Is féidir leat féachaint ar an achomharc ag oifig an údaráis pleanála. Tá sonraí achomhairc ar fáil ar an [suíomh gréasáin](#). Is féidir leis sin a bheith lá nó dhó níos déanaí thart ar laethanta saoire poiblí agus aimsir na Nollag.

## Reachtaíocht

Is iad na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Forbairtí Cónaithe Mórscála), 2021
- Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Forbairtí Cónaithe Mórscála), 2021
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú
- Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú

## Déan teagmháil linn

Más mian leat cóip den doiciméad seo i bhformáid eile a fháil nó má tá tuilleadh faisnéise uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Tabhair cuairt ar ár n-oifigí ag:	<b>An Bord Pleanála</b>
Scríobh chugainn ag:	<b>64 Sráid Mhaoilbhríde</b> <b>Baile Átha Cliath 1</b> <b>D01 V902</b>
Cuir glaoch orainn ar:	(01) 858 8100 nó Íosghlao: 1800 275 175
Seol ríomhphost chugainn ag:	<a href="mailto:bord@pleanala.ie">bord@pleanala.ie</a>
Tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin:	<a href="https://www.pleanala.ie/ga-ie/home">https://www.pleanala.ie/ga-ie/home</a>
Seol facs chugainn ar:	(01) 872 2684

Nuashonraithe le déanaí: Lúnasa 2022